snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ

## CLEACHTAÍ STÓR FOCAL

# NASC IDIR FOCAIL

## Aidhm

Ag plé stór focal, ag aimsiú ceangail idir focail éagsúla agus ag úsáid na bhfocal sin chun comhrá a dhéanamh.

## Treoir

Cuir greille le chéile ina bhfuil 16 focal, roinnte i gceithre shraith agus i gceithre cholún. Bíodh nasc ar leith idir focail éagsúla. Tá sampla tugtha thíos. Cuir gach beirt ag obair le chéile chun nasc a aimsiú idir na focail agus plé a dhéanamh ar cén fáth a bhfuil an nasc sin ann.

(Bunaithe ar chluiche *Connections* de chuid an *New York Times)*

## Sampla

| | | | |
|---|---|---|---|
| glas | oifig | cuntasóir | eitleán |
| aerfort | duilleog | díon | ailtire |
| grian | saoire | ríomhaire | plean |
| crann | uimhreacha | teach | nead |

Tá an ceangal idir na focail aibhsithe anseo le dathanna - ní bheadh sé seo amhlaidh don ghníomhaíocht ranga

## Forbairt / Nótaí

D’fhéadfaí grúpaí a eagrú sa rang chun a ngreillí féin a chumadh. Chumfadh Grúpa 1 greille do Ghrúpa 2, agus réiteodh Grúpa 2 an ghreille a chum Grúpa 1 agus mar sin de.

D’fhéadfaí grúpaí a eagrú chun scéal a chumadh a bhainfeadh úsáid as gach focal sa ghreille agus duais a bheith ar fáil don scéal is fearr, dar leis an rang iomlán.